Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12723/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0555(COD)**

| | |
|---|---|
| COMPET 854 | POLGEN 140 |
| IND 342 | ECOFIN 1154 |
| MI 639 | COH 171 |
| CADREFIN 186 | INDEF 89 |
| FIN 1060 | CULT 96 |
| RECH 381 | CYBER 240 |
| ESPACE 59 | JAI 1231 |
| CONSOM 170 | DIGIT 169 |
| DUAL USE 42 | DATAPROTECT 206 |
| EDUC 353 | FREMP 228 |
| TELECOM 294 | RELEX 1147 |
| ENER 437 | COPS 439 |
| ENV 824 | UD 199 |
| CLIMA 329 | AUDIO 79 |
| AGRI 414 | PROCIV 115 |
| TRANS 376 | IPCR 63 |
| SAN 551 | MAP 55 |
| PHARM 121 | FISC 236 |
| BIOTECH 11 | CODEC 1242 |
| POLMIL 257 | CSC 446 |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 29 Meán Fómhair 2025<br>An Ciste Iomaíochais<br>*- Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*- Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir leis an gCiste Iomaíochais i bhfianaise na díospóireachta beartais a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 29 Meán Fómhair 2025.

# PÁIPÉAR PLÉ

## Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais

## An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2025

**AN CISTE IOMAÍOCHAIS A CHUR AG OBAIR DO GHNÓLACHTAÍ**

Sna tuarascálacha a d'fhoilsigh Draghi agus Letta le déanaí, chomh maith le *Compás Iomaíochais an Choimisiúin Eorpaigh*, leagadh béim ar bhearna shuntasach infheistíochta nach mór a dhúnadh má tá an Eoraip chun a huaillmhianta maidir le hiomaíochas, aistriú glas, slándáil agus athléimneacht a bhaint amach. Leis an easnamh sin, cuirtear i mbaol cumas an Aontais a neart tionsclaíoch a choinneáil ar bun, ach freisin a chumas bheith ar thús cadhnaíochta sa dá aistriú agus sa rás teicneolaíoch domhanda. Léirítear i *dtuarascálacha Draghi agus Letta* araon go bhfuil rathúnas agus tionchar geopholaitiúil na hEorpa amach anseo ag brath ar an mbearna sin a dhúnadh trí infheistíochtaí spriocdhírithe ina bhfuiltear níos toilteanaí rioscaí a thógáil.

Chun spriocanna bheartas glas agus tionsclaíoch na hEorpa a bhaint amach, is gá do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon a bheith i bhfad níos toilteanaí rioscaí a thógáil. Is é an dúshlán atá ann go bhfuil éiginnteachtaí suntasacha agus tréimhsí fada aisíocaíochta i gceist leis an dícharbónú, leis an digitiú agus le forbairt teicneolaíochtaí nua, rud a fhágann nach bhfuil siad tarraingteach faoi ghnáthshamhlacha cistiúcháin a bhfuil col riosca ag baint leo. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, níl leibhéil leordhóthanacha caipitil á slógadh ag na sásraí atá ann cheana, go háirithe le haghaidh tionscadail mhórscála nó cheannródaíocha a bhfuil gá leo chun ceannaireacht thionsclaíoch agus ceannasacht na hEorpa a neartú. Tá drogall ar infheisteoirí príobháideacha, go háirithe, a bheith rannpháirteach ar an scála is gá nó glacadh leis an leibhéal riosca is gá gan tacaíocht phoiblí.

Mar fhreagairt ar thuarascáil Draghi agus bunaithe go díreach uirthi, mhol an Coimisiún Eorpach go gcruthófaí *Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI)*. Tá sé beartaithe go mbeidh CEI ina spreagadh chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh, agus leas á bhaint as sraith iomlán uirlisí airgeadais an Aontais chun infheistíochtaí a shlógadh a fhreastalaíonn ar thosaíochtaí straitéiseacha agus tionsclaíocha na hEorpa. Trí réimse leathan cistí agus scéimeanna maoiniúcháin atá ann cheana a chomhdhlúthú faoi aon chreat comhleanúnach rialála agus rialachais amháin, tá sé d'aidhm ag CEI tacaíocht níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe a chur ar fáil do phríomhearnálacha agus do phríomhthionscadail chun ceannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch na hEorpa a áirithiú.

Le CEI, bainfear leas as gach ionstraim airgeadais de chuid an Aontais atá ar fáil — deontais, soláthar, iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíochtaí cothromais, maoiniú cumaiscthe, etc. Chun go mbeidh CEI éifeachtach le fírinne, ní mór do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí - na geallsealbhóirí sonracha ar gá dóibh úsáid ghníomhach a bhaint as CEI chun a gcuspóirí a bhaint amach - a fheiceáil go bhfuil rath air. Ní mór do chuideachtaí a bheith in ann rochtain a fháil ar mhaoiniú go héasca agus go tapa, le treoir shoiléir agus an méid constaicí riaracháin is lú is féidir. Is den ríthábhacht é go mbeidh na próisis iarratais agus dámhachtana tapa intuartha agus go dtabharfar tacaíocht shaincheaptha, go háirithe i gcás FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú agus atá ag iarraidh fás ina ngníomhaithe iomaíocha ar fud an domhain.

Idir an dá linn, ní mór dreasachtaí dearfacha a bheith ag infheisteoirí chun a bheith rannpháirteach. Ní mór dóibh a bheith muiníneach go bhfuil uirlisí airgeadais agus sásraí comhroinnte riosca ceaptha, ar bhonn láidir, do gach céim den aistear infheistíochta, ón nuálaíocht luathchéime go dtí an t-imscaradh ar scála tionsclaíoch. Trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais atá níos mó faoi thionchar an mhargaidh, mar shampla iad siúd faoi *InvestEU CEI*, is féidir níos mó caipitil phríobháidigh a ghiaráil, cuidiú le rioscaí tráchtála a mhaolú trí ráthaíochtaí agus comhinfheistíochtaí, agus ar an gcaoi sin tionchar gach euro d'airgead poiblí a mhéadú agus tacú le huas-scálú nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí ceannródaíocha. Ag an am céanna, dá n-úsáidfí deontais, d'fhéadfadh sé go mbeadh an Coimisiún in ann tacaíocht a dhíriú ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha.

Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar na dúshláin a mbíonn ar ghnólachtaí aghaidh a thabhairt orthu. Ní féidir le CEI caipiteal príobháideach a scaoileadh i ndáiríre agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní poiblí atá ar fáil ach amháin trí dhul i dteagmháil go gníomhach le cuideachtaí agus infheisteoirí, agus trí thairiscintí CEI a mhúnlú chun freastal ar a bhfíor-riachtanais agus ar na fíorbhacainní atá rompu. Ní mór don simpliú, don trédhearcacht agus don tsolúbthacht a bheith ina mbunphrionsabail i rialachas agus in oibriú CEI.

Chun CEI a chur ag obair do ghnólachtaí, beidh gá le tiomantas láidir polaitiúil chun a rialachas agus a riarachán a shimpliú. Braitheann an rath ar an gcothromaíocht cheart a aimsiú idir ionstraimí faoi thionchar an stáit, amhail deontais agus soláthar poiblí, agus uirlisí is mó atá faoi thionchar an mhargaidh amhail iasachtaí, ráthaíochtaí, agus infheistíochtaí cothromais faoi InvestEU CEI. Leis an gcur chuige sin, d'fhéadfadh CEI a bheith ina bhunchloch chun uaillmhianta tionsclaíocha agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a bhaint amach.

**Iarrtar ar na Ballstáit dul i mbun plé ar dhá phríomh-shaincheist:**

- Cad iad na critéir ratha is tábhachtaí don Chiste Eorpach um Iomaíochas, de réir cuideachtaí agus infheisteoirí de, go háirithe ó thaobh iarratais a shimpliú agus a phróiseáil níos tapúla?
- Conas is féidir linn na hionstraimí airgeadais a áirítear sa Chiste Eorpach um Iomaíochas atá beartaithe a dhéanamh níos éifeachtaí chun caipiteal príobháideach a shlógadh do thionscadail lena mbaintear amach cuspóirí bheartas tionsclaíoch na hEorpa?